Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Aibreán 2021**
**(OR. en)**

**8001/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0100(NLE)**

**ENV 242**
**MI 263**
**WTO 112**
**CHIMIE 50**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Aibreán 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 194 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag Comhdháil na bPáirtithe a mhéid a bhaineann le leasuithe ar Iarscríbhinn III a ghabhann le Coinbhinsiún Rotterdam ar an Nós Imeachta i dtaobh Toiliú Feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh Ceimiceáin agus Lotnaidicídí Guaiseacha áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 194 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 194 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.4.2021
COM(2021) 194 final

2021/0100 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag Comhdháil na bPáirtithe a mhéid a bhaineann le leasuithe ar Iarscríbhinn III a ghabhann le Coinbhinsiún Rotterdam ar an Nós Imeachta i dtaobh Toiliú Feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh Ceimiceáin agus Lotnaidicídí Guaiseacha áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tháinig Coinbhinsiún Rotterdam ar an Nós Imeachta i dtaobh Toiliú Feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh Ceimiceáin agus Lotnaidicídí Guaiseacha áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta (an Coinbhinsiún) i bhfeidhm an 24 Feabhra 2004. Formheasadh é leis an gCinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, Choinbhinsiún Rotterdam ar an Nós Imeachta i dtaobh Toiliú Feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh Ceimiceáin agus Lotnaidicídí Guaiseacha áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta (2006/730/CE lena ngabhann éifeacht chúlghabhálach ón 19 Nollaig 2002)[1] agus tháinig sé i bhfeidhm maidir leis an gComhphobal Eorpach an 24 Feabhra 2004. Is é is aidhm don Choinbhinsiún freagracht chomhroinnte agus iarrachtaí comhair a chur chun cinn i measc na bPáirtithe sa trádáil idirnáisiúnta i gceimiceáin ghuaiseacha áirithe, chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar aon díobháil agus chun rannchuidiú ionas go n-úsáidfear na ceimiceáin sin ar dhóigh a rachaidh chun fónaimh don chomhshaol. Tugann an Coinbhinsiún creat chun faisnéis a mhalartú faoi shaintréithe ceimiceán áirithe, le haghaidh próiseas cinnteoireachta náisiúnta maidir lena n-allmhairiú agus lena n-onnmhairiú agus chun na cinntí sin a scaipeadh ar na Páirtithe.

Is le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012[2] a chuirtear chun feidhme i ndlí an Aontais na gealltanais a leagtar amach sa Choinbhinsiún.

Is de bhun Airteagal 18 den Choinbhinsiún a bunaíodh Comhdháil na bPáirtithe, agus is í comhlacht rialaithe Choinbhinsiún Rotterdam í. Uair gach dhá bhliain is gnách leis an gcomhlacht sin teacht le chéile, chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Choinbhinsiúin. Chomh maith leis sin, déanann sé athbhreithniú ar cheimiceáin a chuireann an Coiste Athbhreithnithe Ceimiceán faoina bhráid chun a measta.

I gcomhréir le hAirteagal 5(1) den Choinbhinsiún, tá sé de cheangal ar na Páirtithe fógraí a thabhairt maidir le gníomhaíochtaí rialála críochnaitheacha a bheidh déanta aige chun toirmeasc nó diansrian a chur ar úsáid ceimiceáin ar an leibhéal náisiúnta. Ar fháil dhá fhógra den chineál sin don Rúnaíocht, maidir leis an gceimiceán amháin, ó dhá Pháirtí as dhá réigiún PIC éagsúla, cuirfear na fógraí sin faoi bhráid an Choiste Athbhreithnithe Ceimiceán. Tá an Coiste Athbhreithnithe Ceimiceán leis na fógraí sin a athbhreithniú i bhfianaise na gcritéar a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún. I bhfianaise athbhreithniú den chineál, mhol an Coiste Athbhreithnithe Ceimiceán don Choinbhinsiún, ós rud é gur measadh go raibh na critéir uile comhlíonta, go liostófaí aicéiteaclór, carbasulfán, aispeist chrisitíle, éitear deacabrómaidhéfheinile, feintión (foirmlíochtaí toirte ultra-ísle (ULV) ag 640 g comhábhar gníomhach/L nó os a chionn sin), foirmlíochtaí leachtacha (tiúchán ineiblithe agus tiúchán intuaslagtha) ina bhfuil déchlóiríd pharaquait ag 276 g/L nó os a chionn sin, atá comhfhreagrach le hian paraquait ag 200 g/L nó os a chionn sin, agus aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara in

---

1 Cinneadh (2006/730/CE) ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2006 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, Choinbhinsiún Rotterdam ar an Nós Imeachta i dtaobh Toiliú Feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh Ceimiceáin agus Lotnaidicídí Guaiseacha áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta (IO L 299, 28.10.2006, lch. 23).

2 Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le ceimiceáin ghuaiseacha a onnmhairiú agus a allmhairiú (IO L 201, 27.7.2012, lch. 60).

Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún. Is le hAirteagal 22 den Choinbhinsiún a rialaítear an nós imeachta um ghlacadh leasuithe ar Iarscríbhinní.

I gcomhréir le hAirteagal 23 den Choinbhinsiún, is aon vóta amháin atá ag gach Páirtí. Mar sin féin, i dtaca le heagraíochtaí réigiúnacha comhtháite eacnamaíochta – an tAontas Eorpach, mar shampla – feidhmíonn na heagraíochtaí sin a gceart chun vótáil le líon vótaí is ionann agus líon a mBallstát atá ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún.

Ag an deichiú gnáthchruinniú, measfaidh Comhdháil na bPáirtithe cinntí a ghlacadh maidir le haicéiteaclór, carbasulfán, aispeist chrisitíle, éitear deacabrómaidhéfheinile, feintión (foirmlíochtaí toirte ultra-ísle (ULV) ag 640 g comhábhar gníomhach/L nó os a chionn sin), foirmlíochtaí leachtacha (tiúchán ineiblithe agus tiúchán intuaslagtha) ina bhfuil déchlóiríd pharaquait ag 276 g/L nó os a chionn sin, atá comhfhreagrach le hian paraquait ag 200 g/L nó os a chionn sin, agus aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara a liostú in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

Is é an éifeacht atá leis an liostú in Iarscríbhinn III go mbeidh na ceimiceáin faoi réir an Nós Imeachta i dtaobh Toiliú Feasach a chur in iúl Roimh Ré nuair a dhéanfar iad a thrádáil go hidirnáisiúnta. Fágfaidh sin go mbeidh sé de cheangal ar na Páirtithe freagairtí allmhairíochta a chur faoi bhráid na Rúnaíochta ionas go bhféadfaidh an Rúnaíocht na freagairtí allmhairíochta sin a chur ar fáil do na Páirtithe uile. Beidh sé de cheangal ar na Páirtithe onnmhairíochta na freagairtí allmhairíochta sin a urramú agus iad ag onnmhairiú na gceimiceán siúd.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na Páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 22(5)(c) den Choinbhinsiún, lena bhforáiltear: 'Aon chinneadh maidir le hIarscríbhinn III a leasú, cuirfidh an Taiscí in iúl do na Páirtithe é. Tiocfaidh an leasú i bhfeidhm maidir leis na Páirtithe uile ar dháta a shonrófar sa chinneadh.'

Tá toirmeasc ar aicéiteaclór, ar charbasulfán, ar aispeist chrisitíle, ar fheintión (foirmlíochtaí toirte ultra-ísle (ULV) ag 640 g comhábhar gníomhach/L nó os a chionn sin), agus ar fhoirmlíochtaí leachtacha (tiúchán ineiblithe agus tiúchán intuaslagtha) ina bhfuil déchlóiríd pharaquait ag 276 g/L nó os a chionn sin, atá comhfhreagrach le hian paraquait ag 200 g/L nó os a chionn sin, a úsáid san Aontas, toirmeasc a chuirtear leis an reachtaíocht a bhaineann leo sin faoi seach. Tá srian ar éitear deacabrómaidhéfheinile, agus ar aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara a úsáid, srian a chuirtear le Rialachán (AE) 2019/1021 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha[3], ós rud go bhfuil an dá cheimiceán sin faoi réir Choinbhinsiún Stócólm maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha.

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag Comhdháil Pháirtithe Choinbhinsiún Rotterdam i dtaca le cinntí a mheastar a ghlacfar maidir le hIarscríbhinn III a leasú trí aicéiteaclór, carbasulfán, aispeist chrisitíle, éitear deacabrómaidhéfheinile, feintión (foirmlíochtaí toirte ultra-ísle (ULV) ag 640 g comhábhar gníomhach/L nó os a chionn sin), foirmlíochtaí leachtacha (tiúchán ineiblithe agus tiúchán intuaslagtha) ina bhfuil déchlóiríd pharaquait ag 276 g/L nó os a chionn sin, atá comhfhreagrach le hian paraquait ag 200 g/L nó os a chionn sin, agus aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara a liostú inti.

[3] Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (IO L 169, 25.6.2019, lch. 45).

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra comhleanúnach le cur chun feidhme Rialachán (AE) 649/2012, is é sin an Rialachán lena gcuirtear Coinbhinsiún Rotterdam chun feidhme san Aontas, agus comhlánaíonn sé an Rialachán sin. Tagann sé go hiomlán le cuspóir sin an Choinbhinsiúin, is é sin freagracht chomhroinnte agus iarrachtaí comhair a chur chun cinn i measc na bPáirtithe sa trádáil idirnáisiúnta i gceimiceáin ghuaiseacha áirithe, chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar aon díobháil agus chun rannchuidiú ionas go n-úsáidfear na ceimiceáin sin ar dhóigh a rachaidh chun fónaimh don chomhshaol.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra comhleanúnach le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, le Rialacháin (AE) Uimh. 528/2012 agus le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ós rud é nach gcuireann sé isteach ar aon chinneadh maidir le ceimiceáin a chur ar an margadh san Aontas Eorpach.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta atá leis an gCinneadh ón gComhairle atá beartaithe, arb é an bunús iomchuí é le haghaidh gníomh lena sainítear seasamh an Aontais Eorpaigh i ndáil le comhaontú idirnáisiúnta, eadhon Coinbhinsiún Rotterdam sa chás seo.

Is é Airteagal 192 CFAE, mír 1, an bunús dlí substainteach, ós rud é gur cuspóir atá dírithe ar an comhshaol, den chuid is mó, atá leis na bearta a comhaontaíodh faoi Choinbhinsiún Rotterdam (i.e. sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint trí rialú a dhéanamh ar an trádáil idirnáisiúnta i gceimiceáin agus lotnaidicídí guaiseacha áirithe).

Dá réir sin, ba cheart Airteagal 192(1) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atáthar a mholadh.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar aon díobháil ó cheimiceáin ghuaiseacha áirithe agus rannchuidiú ionas go n-úsáidfear na ceimiceáin sin ar dhóigh a rachaidh chun fónaimh don chomhshaol, is rud é sin atá ina ábhar imní ar fud an domhain, agus cuirtear Coinbhinsiún Rotterdam chun feidhme san Aontas le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012. Ós rud é go bhfuil an tAontas ina Pháirtí sa Choinbhinsiún, is iomchuí don Aontas a bheith rannpháirteach sa chinnteoireacht ag Comhdháil na bPáirtithe.

- **Comhréireacht**

Sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar aon díobháil ó cheimiceáin ghuaiseacha áirithe agus rannchuidiú ionas go n-úsáidfear na ceimiceáin sin ar dhóigh a rachaidh chun fónaimh don chomhshaol, is rud é sin atá ina ábhar imní ar fud an domhain agus teastaíonn iarracht dhomhanda ina leith. Mhol an Coiste Athbhreithnithe Ceimiceán don Choinbhinsiún go liostófaí aicéiteaclór, carbasulfán, aispeist chrisitíle, éitear deacabrómaidhéfheinile, feintión (foirmlíochtaí toirte ultra-ísle (ULV) ag 640 g de chomhábhar gníomhach/L nó os a chionn sin), foirmlíochtaí leachtacha (tiúchán ineiblithe agus tiúchán intuaslagtha) ina bhfuil déchlóiríd pharaquait ag 276 g/L nó os a chionn sin, atá comhfhreagrach le hian paraquait ag 200 g/L nó os a chionn sin, agus aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara, in Iarscríbhinn III, ós rud é gur measadh na ceimiceáin a

bheith i gcomhlíontacht leis na critéir i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún. Dá bhrí sin, is comhréireach tacú le liostú na gceimiceán siúd in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún chun a áirithiú go ndéanfar gníomhaíocht iomchuí ar an leibhéal domhanda.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní dhearnadh comhairliúchán córasach leis na páirtithe leasmhara ós rud é nach mbeidh aon iarmhairtí ann do pháirtithe leasmhara san Aontas Eorpach, ach amháin go mbeidh sé riachtanach cloí le rialacha áirithe agus na ceimiceáin sin á n-allmhairiú. Mar sin féin, chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara ar feadh an athbhreithnithe ar na fógraí maidir leis na ceimiceáin sin a rinne Coiste Athbhreithnithe Ceimiceán an Choinbhinsiúin agus tugadh aghaidh ar na barúlacha a nochtadh.

- **Measúnú tionchair**

Ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair ós rud é nach mbeidh aon tionchar ag na cinntí a bhféadfadh sé go nglacfaí iad faoin gCoinbhinsiún ar úsáid na gceimiceán siúd san Aontas Eorpach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Is féidir go mbeidh tionchar beag ag an togra ar ghníomhaíocht tráchtála ós rud é nach mbaintear úsáid thráchtálach as na ceimiceáin san Aontas ach go bhfeadfadh sé go dtáirgfí le haghaidh onnmhairithe iad agus ós rud é, dá bhrí sin, nach dtugann an togra aon díolúine do mhicrifhiontair agus nach n-áirítear ann aon rialacha speisialta le haghaidh fiontair bheaga agus mheánmhéide. Is féidir go mbeidh tionchar beag ag an togra ar iomaíochas earnála an Aontais nó ar an trádáil idir an tAontas agus tríú tíortha ós rud é nár mhór cloí le rialacha áirithe agus na ceimiceáin siúd á dtrádáil go hidirnáisiúnta.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleachtaí buiséadacha ag an togra.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní mheastar go bhfuil gá le plean cur chun feidhme, le faireachán, le meastóireacht ná le tuairisciú.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Tugann an togra sainordú don Choimisiún tacú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, le liostú na substaintí aicéiteaclór, carbasulfán, aispeist chrisitíle, éitear deacabrómaidhéfheinile, feintión (foirmlíochtaí toirte ultra-ísle (ULV) ag 640 g comhábhar gníomhach/L nó os a chionn sin), foirmlíochtaí leachtacha (tiúchán ineiblithe agus tiúchán intuaslagtha) ina bhfuil déchlóiríd pharaquait ag 276 g/L nó os a chionn sin, atá comhfhreagrach le hian paraquait ag 200 g/L nó os a chionn sin, agus aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara ag Comhdháil Pháirtithe Choinbhinsiún Rotterdam.

2021/0100 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag Comhdháil na bPáirtithe a mhéid a bhaineann le leasuithe ar Iarscríbhinn III a ghabhann le Coinbhinsiún Rotterdam ar an Nós Imeachta i dtaobh Toiliú Feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh Ceimiceáin agus Lotnaidicídí Guaiseacha áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Coinbhinsiún Rotterdam ar an Nós Imeachta i dtaobh Toiliú Feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh Ceimiceáin agus Lotnaidicídí Guaiseacha áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta (‘an Coinbhinsiún’) i bhfeidhm an 24 Feabhra 2004 agus tugadh i gcrích é thar ceann an Aontais le Cinneadh (2006/730/CE) ón gComhairle[1].

(2) Is le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 a chuirtear Coinbhinsiún Rotterdam chun feidhme san Aontas[2].

(3) De bhun Airteagal 7 den Choinbhinsiún, is í Comhdháil na bPáirtithe a chinnfidh an liostófar ceimiceáin in Iarscríbhinn III.

(4) Meastar go nglacfar cinntí, ag an deichiú cruinniú de Chomhdháil Pháirtithe Choinbhinsiún Rotterdam, maidir le tuilleadh ceimiceán a liostú in Iarscríbhinn III.

(5) An seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais ag Comhdháil na bPáirtithe, is iomchuí é a shuíomh, óir beidh na cinntí a ghlacfar ina gceangal ar an Aontas.

(6) Chun a áirithiú go bhfaighidh na tíortha allmhairiúcháin tairbhe na cosanta a thugann Coinbhinsiún Rotterdam agus ó tá na critéir ábhartha uile faoin gCoinbhinsiún comhlíonta, is gá agus is iomchuí tacú leis na moltaí ón gCoiste Athbhreithnithe Ceimiceán, coiste ar fochomhlacht é de chuid Choinbhinsiún Rotterdam, i dtaca le substaintí áirithe a áireamh in Iarscríbhinn III a ghabhann le Coinbhinsiún Rotterdam, eadhon aicéiteaclór, carbasulfán, aispeist chrisitíle, éitear deacabrómaidhéfheinile, feintión (foirmlíochtaí toirte ultra-ísle (ULV) ag 640 g comhábhar gníomhach/L nó os a chionn sin), foirmlíochtaí leachtacha (tiúchán ineiblithe agus tiúchán intuaslagtha) ina bhfuil déchlóiríd pharaquait ag 276 g/L nó os a chionn sin, atá comhfhreagrach le hian paraquait ag 200 g/L nó os a chionn sin, agus aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA),

[1] Cinneadh (2006/730/CE) ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2006 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, Choinbhinsiún Rotterdam ar an Nós Imeachta i dtaobh Toiliú Feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh Ceimiceáin agus Lotnaidicídí Guaiseacha áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta (IO L 299, 28.10.2006, lch. 23).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le ceimiceáin ghuaiseacha a onnmhairiú agus a allmhairiú (IO L 201, 27.7.2012, lch. 60).

a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara. Tá toirmeasc nó diansrian cheana ar úsáid na substaintí sin san Aontas agus tá a bhformhór faoi réir ceanglais onnmhairiúcháin a théann thar a gceanglaítear faoi Choinbhinsiún Rotterdam de bun Rialachán (AE) Uimh. 649/2012,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an deichiú cruinniú de Chomhdháil Pháirtithe Choinbhinsiún Rotterdam go dtacóidh an tAontas le glacadh na leasuithe ar Iarscríbhinn III a ghabhann le Coinbhinsiún Rotterdam ar an Nós Imeachta i dtaobh Toiliú Feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh Ceimiceáin agus Lotnaidicídí Guaiseacha áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann leis na substaintí seo a leanas a áireamh – aicéiteaclór, carbasulfán, aispeist chrisitíle, éitear deacabrómaidhéfheinile, feintión (foirmlíochtaí toirte ultra-ísle (ULV) ag 640 g comhábhar gníomhach/L nó os a chionn sin), foirmlíochtaí leachtacha (tiúchán ineiblithe agus tiúchán intuaslagtha) ina bhfuil déchlóiríd pharaquait ag 276 g/L nó os a chionn sin, atá comhfhreagrach le hian paraquait ag 200 g/L nó os a chionn sin, agus aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*